# SAOLRÉ: BUMBÓGA

SuperValu

SÁBHÁIL NA BEACHA

## GEIMHREADH

1. Dúisíonn an chráinbhumbóg tar éis an gheimhrithe. Ní mór di codladh sa gheimhreadh mar bíonn sé rófhuar agus ní bhíonn aon bhláthanna ann, rud a fhágann nach bhfuil aon bhia aici.

## EARRACH

2. Itheann sí a dóthain ó na bláthanna in aice láimhe agus aimsíonn sí áit bhreá chun cuasnóg a dhéanamh.

3. Déanann sí arán paile (bia do na beacha óga) agus pota neachtair (smailc di féin) agus tosaíonn sí ar uibheacha a bhreith.

## SAMHRADH

4. Fásann na huibheacha sin ina mbeacha oibre baineanna agus is iad a bheidh i gceannas ar an gcuasnóg. An jab is mó a bhíonn le déanamh acu ná an phailin a bhailiú agus a thabhairt ar ais leis na madraí bána go léir, atá ag fás, a bheathú.

5. Idir lár agus deireadh an tsamhraidh, beireann an chráinbhumbóg uibheacha eile. Beacha fireanna a bheidh i gcuid acu agus beacha baineanna a bheidh sa chuid eile.

## FÓMHAR

6. Fágann na cráinbheacha agus na beacha fireanna sin an chuasnóg le dul amach agus céilí nua a aimsiú.

7. Itheann an chráinbhumbóg nua go leor leor beatha chun ullmhú do chodladh mór an gheimhridh. Tá deireadh a saoil bainte amach ag na beacha fireanna, ag na hoibrithe baineanna agus ag an tsean-chráinbhumbóg, agus faigheann siad bás.

8. Ansin, déanann an chráinbhumbóg nua geimhriú go dtí an t-earrach.

All-Ireland Pollinator Plan
www.pollinators.ie

National Biodiversity Data Centre
Documenting Ireland's Wildlife

SuperValu Bailte Slachtmhara
Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

SuperValu

FSC MIX Paper FSC® C145082